Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Iúil 2019
(OR. en)

11187/1/19
REV 1

CO EUR-PREP 24

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Cur Chun Feidhme an Chláir Oibre Straitéisigh - Páipéar plé ón Uachtaránacht don Chomhairle Gnóthaí Ginearálta an 18 Iúil 2019 |

**RÉAMHRÁ**

Ghlac Comhairle Eorpach mhí Mheithimh 2019 Clár Oibre Straitéiseach an Aontais do 2019-2024. Beartaítear an clár oibre mar threoir d'obair na n-institiúidí sna cúig bliana atá amach romhainn agus díreofar ar cheithre phríomhréimse tosaíochta.

Mar a luaitear sa Chlár Oibre Straitéiseach, ní foláir don Aontas na meáin is gá a chur ar fáil dó féin chun a uaillmhian a chomhlíonadh, a chuspóirí a bhaint amach agus a bheartais a chur i gcrích.

Caithfidh an tAontas níos mó a dhéanamh chun go bhfíorófar na tosaíochtaí nua agus chun a áirithiú go nglacfaidh an tAontas seilbh ar a phoitéinseal agus go gcomhlíonfar ionchais na saoránach. Éileofar an méid seo a leanas leis sin:

– tosaíochtaí an Chláir Oibre Straitéisigh nua a chomhtháthú san obair a dhéanann an Chomhairle,

– féachaint an athuair ar mhodhanna oibre na Comhairle, agus

– urraim a thabhairt do na prionsabail thrasearnálacha lena dtreoraítear an obair a dhéanann an Chomhairle.

***Tosaíochtaí an Chláir Oibre Straitéisigh nua a chomhtháthú san obair a dhéanann an Chomhairle***

Seo a leanas na ceithre phríomhthosaíocht atá sa Chlár Oibre Straitéiseach:

1. Saoránaigh agus saoirsí a chosaint
2. Bonn láidir, bríomhar eacnamaíoch a fhorbairt
3. Eoraip níos aeráidneodraí, níos glaise, níos cothroime agus níos sóisialta a thógáil
4. Leasanna agus luachanna na hEorpa a chur chun cinn os comhair an domhain mhóir.

Tosóidh Uachtaránacht na Fionlainne ag comhtháthú na dtosaíochtaí sin in obair na Comhairle. Áiritheoidh sí go bpléifear na tosaíochtaí sna foirmíochtaí ábhartha den Chomhairle agus, i gcásanna áirithe, i gcruinnithe neamhfhoirmiúla aireachta. Faightear léiriú sealadach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bpáipéar seo i dtaca le cathain a scrúdófar na príomh-shaincheisteanna agus leis an bhfoirmíocht ina scrúdófar iad.

Beidh ról comhordúcháin ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta sa phróiseas seo. Cabhrófar cur chuige cuimsitheach a chur chun cinn leis an malartú tuairimí ag an gcruinniú ar an 18 Iúil.

***Féachaint an athuair ar mhodhanna oibre na Comhairle***

Faoin gClár Oibre Straitéiseach, ba cheart do gach institiúid féachaint an athuair ar na modhanna oibre atá aici agus a marana a dhéanamh ar an tslí is fearr leis an ról atá aici faoi na Conarthaí a chomhlíonadh.

Ní mór dúinn a áirithiú go bhfeidhmíonn an Chomhairle ar bhealach a thacaíonn le cur chun feidhme rathúil na dtosaíochtaí nua. Caithfidh sí a bheith in ann déileáil le dúshláin agus deiseanna ilghnéitheacha ar bhealach cuimsitheach.

Dá réir sin, leag Uachtaránacht na Fionlainne roinnt téamaí amach a scrúdóidh Coreper, ar bhonn páipéir leathoifigiúla ón Uachtaránacht, sna míonna atá le teacht. Ag deireadh an phróisis sin, cuirfidh an Uachtaránacht tuarascáil achoimre i láthair, ina ndéanfar moltaí i ndáil le cinntí ábhartha agus bearta nithiúla eile.

***Urraim a thabhairt do na prionsabail thrasearnálacha lena dtreoraítear obair na Comhairle***

Leagtar amach sa chaibidil dheireanach den Chlár Oibre Straitéiseach ("Beart a dhéanamh de bhriathar na dtosaíochtaí") roinnt prionsabal tábhachtach, lenár cheart obair na Comhairle a threorú.

Oibreoidh na hinstitiúidí i gcomhréir le spiorad agus le fuarlitir na gConarthaí. Urramóidh siad prionsabail an daonlathais, an smachta reachta, na trédhearcachta agus an chomhionannais idir saoránaigh agus idir Ballstáit. Tugtar faoi deara sa Chlár Oibre Straitéiseach go mbíonn an dea-rialachas ag brath freisin ar na beartais agus na rialacha a aontaíodh a bheith á gcur chun feidhme agus á bhforfheidhmiú go cruinn beacht, agus ní mór grinnfhaireachán a dhéanamh ar an méid sin.

I gcomhréir leis an gClár Oibre Straitéiseach, ba cheart dea-rialáil, lena n-áirítear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, a bheith i gcroílár obair na Comhairle i gcónaí. Chomh maith leis sin, beidh sé tábhachtach caidreamh a bhunú leis na saoránaigh, an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta agus gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla.

***An bealach amach romhainn***

Mar a luaitear sa Chlár Oibre Straitéiseach, coinneoidh an Chomhairle Eorpach súil ghéar ar chur chun feidhme na dtosaíochtaí agus saineoidh sí tuilleadh treoirlínte agus tosaíochtaí polaitiúla ginearálta de réir mar is gá. Pléifidh an Chomhairle Eorpach an obair leantach a bhaineann leis an gClár Oibre Straitéiseach i mí Dheireadh Fómhair 2019.

Fillfidh an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta ar chur chun feidhme an Chláir Oibre Straitéisigh i mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag mar chuid den ullmhúchán do chruinnithe den Chomhairle Eorpach agus den obair leantach maidir leo. Tuairisceoidh Príomh-Aire na Fionlainne don Chomhairle Eorpach maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa Chomhairle i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Nollag.

I gcás inar gá, déanfar doiciméad faoin mbealach chun cinn sa Chomhairle maidir le saincheisteanna lárnacha a ullmhú faoi dheireadh na bliana.

*I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar na hairí a marana a dhéanamh faoi na ceisteanna seo a leanas:*

1. *I do thuairim, cén dóigh is fearr a fhéadfaidh an Chomhairle a áirithiú go gcuirfear an Clár Oibre Straitéiseach chun feidhme go héifeachtúil, agus na dúshláin agus na deiseanna ilghnéitheacha atá romhainn á gcur san áireamh?*

2. *Cad a d'fhéadfadh an Chomhairle a dhéanamh chun na prionsabail thrasearnálacha a leagtar amach i gCaibidil V den Chlár Oibre Straitéiseach ("Beart a dhéanamh de bhriathar na dtosaíochtaí") a phríomhshruthú a thuilleadh, go háirithe trédhearcacht a mhéadú agus an tAontas Eorpach a thabhairt níos gaire don saoránach?*

*Iarrann an Uachtaránacht ar na rannpháirtithe a n-ionchur a choimeád faoi thrí nóiméad ar a mhéid.*

**Léiriú táscach i dtaca le cathain a scrúdófar na príomh-shaincheisteanna agus leis an bhfoirmíocht ina scrúdófar iad**

## TOSAÍOCHT 1: SAORÁNAIGH AGUS SAOIRSÍ A CHOSAINT

*Áirítear an méid seo a leanas ar na saincheisteanna ginearálta faoin gceannteideal tosaíochta seo: seasamh leis* ***an smacht reachta****;* ***beartas*** cuimsitheach ***imirce*** *an Aontais a fhorbairt*; ***an sceimhlitheoireacht agus an choireacht thrasteorann*** *a chomhrac; feabhas a chur ar an gcomhar agus ar* ***chomhroinnt faisnéise****; agus cosaint a thabhairt in aghaidh* ***cibirghníomhaíochtaí mailíseacha, bagairtí hibrideacha*** *agus bréagaisnéis. Tabharfar aghaidh ar na réimsí beartais sin i bhfoirmíochtaí éagsúla den Chomhairle. Thairis sin, tá sé ar intinn ag an Uachtaránacht sraith díospóireachtaí a reáchtáil ar leibhéal na Comhairle agus ar leibhéal coistí maidir le todhchaí an limistéir saoirse, slándála agus ceartais d'fhonn na bunchlocha a shainaithint do na* ***treoirlínte straitéiseacha*** *atá le glacadh ag an gComhairle Eorpach faoi Airteagal 68 CFAE.*

**An smacht reachta**

- *Cruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, mí Iúil - mí na Nollag:* Tá an smacht reachta ar gach clár oibre. Pléifear an t-idirphlé a rinneadh sa Chomhairle faoin smacht reachta *i gComhairle Gnóthaí Ginearálta mhí na Samhna*, bunaithe ar phlé agus ar cheistneoir a seoladh *i gComhairle Gnóthaí Ginearálta mhí Mheán Fómhair*. Leanfar leis *an bplé* maidir le sásra dea-chothromaithe a bhunú chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás ina mbeadh easnaimh ann sa smacht reachta.
- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Iúil de na hairí ceartais agus gnóthaí baile:* díospóireacht maidir le todhchaí an cheartais san Aontais agus béim á leagan ar neartú an smachta reachta - neamhspleáchas, cáilíocht agus éifeachtúlacht na gcóras ceartais náisiúnta agus a thábhachtaí is atá triail chóir.
- *Comhairle CGB mhí na Nollag:* An tuarascáil ón Uachtaránacht maidir leis an bplé a bhaineann leis an smacht reachta i réimse an cheartais.
- *10-11 Meán Fómhair:* Comhdháil Uachtaránacht (Heilsincí) *How to ensure the resilience of our societies in a changing European landscape - The interaction between democracy, the rule of law and fundamental rights* (Conas athléimneacht ár sochaithe a áirithiú i dtimpeallacht Eorpach atá ag athrú - An idirghníomhaíocht idir daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha), a ndéanfar tuairisciú uirthi ag Comhairle Gnóthaí Ginearálta mhí Mheán Fómhair agus Comhairle CGB mhí Dheireadh Fómhair.

**Ceartas coiriúil agus comhar in ábhair choiriúla**

- *Comhairle CGB mhí Dheireadh Fómhair*: r-fhianaise; an chaibidlíocht faoi chomhaontú AE-SA maidir le rochtain thrasteorann ar r-fhianaise; (*b'fhéidir*) cur chuige páirteach ginearálta maidir le digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh; Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh a chur ar bun; an dlí coiriúil comhshaoil; tuarascáil bhliantúil 2018 ó Eurojust; an mhuinín fhrithpháirteach a neartú chun tacú le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh.
- *Comhairle CGB mhí na Nollag*: íospartaigh na coireachta a chosaint; (b'fhéidir) díospóireacht bheartais faoi thodhchaí an cheartais choiriúil dhigitigh.

**An Dlí Sibhialta**

- *Comhairle CGB mhí Dheireadh Fómhair*: (b'fhéidir) díospóireacht bheartais maidir le rialáil níos fearr, cáilíocht na reachtaíochta agus cur chun feidhme éifeachtach.

**An imirce**

- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Iúil de na hairí ceartais agus gnóthaí baile*: díospóireacht maidir le todhchaí *bheartas* imirce an Aontais, dírithe ar an idirghníomhaíocht idir Schengen, tearmann agus filleadh.
- *Comhairle CGB mhí Dheireadh Fómhair*: malartú tuairimí maidir le staid na himeartha. Gheobhaidh na hairí faisnéis *ón* Uachtaránacht maidir le cur chun feidhme an Rialacháin lena leasaítear an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach.
- *24-25 Deireadh Fómhair:* Comhdháil Uachtaránachta (Heilsincí) *From Tampere 20 to Tampere 2.0 – Towards a new programme for EU migration and asylum policies* (Ó Tampere 20 go Tampere 2.0 – I dtreo clár nua do bheartais imirce agus tearmainn an Aontais".
- *Comhairle CGB mhí na Nollag*: díospóireacht bheartais agus clabhsúr ar an bpróiseas machnaimh maidir le todhchaí bheartas imirce agus tearmainn an Aontais.

**An tSlándáil Inmheánach/an Sceimhlitheoireacht**

- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Iúil de na hairí ceartais agus gnóthaí baile*: díospóireacht maidir le todhchaí *na slándála* inmheánaí agus béim á leagan ar chomhar oibríochtúil agus ar ról ghníomhaireachtaí an Aontais.
- *Comhairle CGB mhí Dheireadh Fómhair*: díospóireachtaí beartais maidir le teicneolaíochtaí nua, bagairtí hibrideacha agus *sceimhlitheoireacht* a bhaineann leis an eite dheis antoisceach.
- *Comhairle CGB mhí na Nollag*: díospóireacht bheartais agus clabhsúr ar an bpróiseas machnaimh maidir le todhchaí na *slándála* inmheánaí san Aontas; *conclúidí* maidir le comhar Europol le comhpháirtithe straitéiseacha; díospóireacht bheartais / tuarascáil ar dhul chun cinn ar an Rialachán maidir le cosc a chur le scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne.

**Comhroinnt faisnéise**

- *Comhairle CGB mhí na Nollag:* (b'fhéidir) comhaontú sealadach maidir le leasuithe iarmhartacha ar ETIAS; malartú *tuairimí* maidir le cur chun feidhme chórais faisnéise mhórscála an Aontais agus idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais.

**Bagairtí hibrideacha**

- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Iúil de na hairí ceartais agus gnóthaí baile*: plé beartais cásbhunaithe maidir le bagairtí hibrideacha.
- *22 Iúil, an chéad chruinniú den Mheitheal cothrománach nua maidir le hathléimneacht a fheabhsú agus dul i ngleic le bagairtí hibrideacha.*
- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Lúnasa de na hairí cosanta agus de na hairí gnóthaí eachtracha (Gymnich):* plé ar bhagairtí hibrideacha.
- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Mheán Fómhair de na hairí gnóthaí eacnamaíocha agus airgeadais:* plé ar athléimneacht na margaí *airgeadais* agus ról na hearnála airgeadais maidir le bagairtí hibrideacha a chomhrac.
- *An Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile, 7-8 Deireadh Fómhair:* plé ar an tslándáil inmheánach agus ar bhagairtí hibrideacha.
- *6 Samhain: Seimineár* arna eagrú ag an Uachtaránacht dar teideal "Bonneagar criticiúil agus bagairtí hibrideacha" (an Bhruiséil).
- *An Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, 10 Nollaig:* malartú tuairimí maidir le freagairtí ar bhagairtí hibrideacha, an bhréagaisnéis san áireamh; conclúidí ón gComhairle a ghlacadh maidir leis an mbealach chun cinn sa chomhrac i gcoinne bagairtí hibrideacha.

## TOSAÍOCHT 2: BONN EACNAMAÍOCH ATÁ LÁIDIR BRÍOMHAR A FHORBAIRT

*Áirítear ar na príomh-shaincheisteanna faoin teideal seo athnuachan a dhéanamh ar an mbonn don fhás cuimsitheach, inbhuanaithe agus fadtéarmach; deimhin a dhéanamh d'athléimneacht an* ***euro*** *agus dá ról idirnáisiúnta; cur chuige comhtháite a chinntiú chun an* **Margadh Aonair** a neartú *agus a dhoimhniú;* ***beartas tionsclaíoch*** *úrnua a cheapadh don Aontas Eorpach; aghaidh a thabhairt ar an* ***réabhlóid dhigiteach*** *agus ar an* ***intleacht shaorga****;* ***cánachas*** *cothrom éifeachtach a áirithiú; infheistíocht a dhéanamh i* ***scileanna agus oideachas****;* ***fiontraíocht agus nuálaíocht*** *a chothú; deimhin a dhéanamh de go mbeidh cothrom na Féinne ann i réimse na* ***trádála*** *agus* ***iomaíocht chóir*** *a áirithiú. Tabharfar aghaidh ar na réimsí beartais sin i bhfoirmíochtaí éagsúla den Chomhairle:*

**An Margadh Aonair agus beartas tionsclaíoch**

- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Iúil de na hairí atá freagrach as an iomaíochas:* An fás inbhuanaithe – Réitigh chliste le haghaidh Eoraip aeráidneodrach agus *iomaíoch*; – Comhtháthú an Mhargaidh Aonair, Geilleagar Digiteach Dinimiciúil agus Beartas Tionsclaíoch Úrnua.

- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Iúil de na hairí aeráide/comhshaoil:* an poitéinseal a bhaineann le réitigh an gheilleagair chiorclaigh agus plé ar na chéad chéimeanna eile maidir le geilleagar ciorclach 2.0 san Aontas Eorpach a d'fhéadfadh a bheith ann.
- *Comhairle COMPET mhí Mheán Fómhair:* cur i láthair ón gCoimisiún ar an gclár uaidh dar teideal "Seiceáil ar an Iomaíochas".
- *Comhairle COMPET mhí Mheán Fómhair:* díospóireachtaí beartais maidir le fís le haghaidh straitéis fhadtéarmach don fhás inbhuanaithe.
- *An Chomhairle um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (ENVI) mhí Dheireadh Fómhair:* conclúidí maidir leis an obair leantach i dtaobh an gheilleagair chiorclaigh.
- *Comhairle COMPET mhí na Samhna:* staid na himeartha maidir leis an bplean gníomhaíochta fadtéarmach don Mhargadh Aonair agus do na beartais thionsclaíocha.
- *Mí na Samhna:* cuirfidh *an Coimisiún* teachtaireacht uaidh i láthair maidir le hiomaíocht chóir laistigh den Mhargadh Aonair agus *ar bhonn domhanda*.

**Beartais dhigiteacha**

- *22 Deireadh Fómhair:* Comhdháil *Uachtaránachta* maidir le rialtas digiteach (Heilsincí).
- *25-26 Samhain:* Comhdháil *Uachtaránachta* maidir leis an ngeilleagar sonraí (Heilsincí).
- *Comhairle COMPET mhí na Samhna:* díospóireacht bheartais maidir le "Rialachas i gcomhair geilleagar digiteach a bheidh iomaíoch, slán, cuimsitheach agus eiticiúil".
- *Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt (EYCS) mhí na Samhna:* plé ar na gnéithe a bhaineann leis an oideachas agus leis an oiliúint ó thaobh na hintleachta saorga de.
- *Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh mhí na Nollag:* díospóireacht bheartais maidir leis na chéad chéimeanna eile i réimse an gheilleagair sonraí.
- *Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh mhí na Nollag:* malartú tuairimí maidir le cibearshlándáil na líonraí 5G.
- *Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile mhí na Nollag:* plé ar na gnéithe breithiúnacha ó thaobh na hintleachta saorga de.

**Taighde agus nuálaíocht**

- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Iúil de na hairí atá freagrach as an iomaíochas:* An fás inbhuanaithe – An taighde agus an nuálaíocht mar spreagadh don fhás inbhuanaithe.
- *Comhairle COMPET mhí Mheán Fómhair:* díospóireacht bheartais maidir leis an bpacáiste Fís Eorpach: sineirgí le cláir eile.
- *Comhairle COMPET mhí na Samhna:* conclúidí maidir le straitéis bhithgheilleagair nuashonraithe an Aontais Eorpaigh.
- *Comhairle COMPET mhí na Samhna:* cur chuige ginearálta páirteach nó tuarascáil ar an dul chun cinn maidir leis an Rialachán lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT) agus maidir leis an gCinneadh i dtaobh Chlár Oibre Straitéiseach um Nuálaíocht EIT.

**Scileanna agus oideachas**

- *Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) mhí Dheireadh Fómhair:* díospóireacht bheartais maidir le "Scileanna agus riachtanais an mhargaidh saothair a mheaitseáil i saol nua na hoibre".
- *Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt (EYCS) mhí na Samhna le hairí airgeadais:* díospóireacht faoi *éifeachtacht*, éifeachtúlacht agus cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a shaothrú.
- *Comhairle EYCS mhí na Samhna:*
  - conclúidí maidir le foghlaim ar feadh an tsaoil.
  - Rún ón gComhairle maidir le tacú le córais oideachais agus oiliúna atá dírithe ar an todhchaí i gcomhthéacs Limistéar Eorpach an Ardoideachais.
  - Conclúidí maidir leis an obair don óige agus maidir le scileanna an aosa óig a fhorbairt.

**An tAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta**

- *Comhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais mhí na Samhna (ECOFIN):* staid na himeartha maidir leis an ionstraim bhuiséadach chóineasaithe agus iomaíochais, chomh maith le tograí reachtacha ar feitheamh maidir le seirbhísí airgeadais.
- *Comhairle ECOFIN mhí na Nollag:* an tAontas Baincéireachta a neartú.

**Cánachas**

- *Comhairle ECOFIN mhí na Samhna:* cánachas digiteach agus saincheisteanna cánachais eile (comhbhonn don cháin chorparáide agus míreanna a bhaineann le cáin bhreisluacha (CBL)).
- *Comhairle ECOFIN mhí na Nollag:* tuarascáil chuig an gComhairle Eorpach maidir le saincheisteanna cánach, agus díospóireacht bheartais maidir leis an Treoir um an g*Córas* Cinntitheach CBL.

## <u>TOSAÍOCHT 3: EORAIP NÍOS AERÁIDNEODRAÍ, NÍOS GLAISE, NÍOS COTHROIME AGUS NÍOS SÓISIALTA A THÓGÁIL</u>

*Áirítear ar na cuspóirí beartais faoin teideal seo an tAontas Eorpach a bheith ar thús cadhnaíochta maidir leis an* ***athrú aeráide****;* talmhaíocht ***inbhuanaithe*** *a chur chun cinn; súil ghéar a choimeád ar* ***shaincheisteanna sóisialta*** *agus aghaidh a thabhairt ar an* **neamhionannas***. Tabharfar aghaidh ar na réimsí beartais sin i bhfoirmíochtaí éagsúla den Chomhairle:*

**An aeráid**

- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Iúil de na hairí atá freagrach as an iomaíochas:* An fás inbhuanaithe – *Réitigh* chliste le haghaidh Eoraip aeráidneodrach agus iomaíoch.

- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Iúil de na hairí aeráide/comhshaoil:* seisiúin oibre maidir leis na nithe seo a leanas: a) uaillmhian an Aontais Eorpaigh maidir leis an aeráid agus *teachtaireachtaí,* b) an uaillmhian dhomhanda a fheabhsú, agus c) an poitéinseal a bhaineann le réitigh an gheilleagair chiorclaigh agus plé ar na chéad chéimeanna eile maidir le geilleagar ciorclach 2.0 san Aontas Eorpach a d'fhéadfadh a bheith ann.
- *Comhairle EPSCO mhí Iúil:* na gnéithe a bhaineann leis an bhfostaíocht ó thaobh fhís fhadtéarmach straitéiseach an Aontais Eorpaigh de do gheilleagar aeráidneodrach.
- *Comhairle Talmhaíochta agus Iasc (AGRIFISH) mhí Iúil: díospóireacht bheartais maidir le gnéithe a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide ó thaobh an athchóirithe ar an gcomhbheartas talmhaíochta (CBT) de.*
- *Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh mhí Mheán Fómhair:* na gnéithe a bhaineann leis an iompar ó thaobh fhís fhadtéarmach straitéiseach an Aontais Eorpaigh de do gheilleagar aeráidneodrach; malartú tuairimí maidir lena bhfuil i ndán don earnáil fuinnimh tar éis 2030.
- *Comhairle COMPET mhí Mheán Fómhair:* díospóireachtaí beartais maidir le straitéis fhadtéarmach don fhás inbhuanaithe.
- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Mheán Fómhair de na hairí talmhaíochta:* díospóireacht bheartais maidir leis an oiriúnú don athrú aeráide agus maidir leis ról atá ag ceapadh carbóin sa talmhaíocht.
- *Comhairle Comhshaoil mhí Dheireadh Fómhair:* díospóireacht bheartais maidir le fís fhadtéarmach straitéiseach do gheilleagar aeráidneodrach; conclúidí maidir leis na hullmhúcháin do COP25; Conclúidí maidir leis an obair leantach i dtaobh an gheilleagair chiorclaigh.
- *30-31 Deireadh Fómhair:* comhdháil *idirnáisiúnta* dar teideal "Maoiniú níos glaise do thodhchaí inbhuanaithe", a ndéanfaidh Banc na Fionlainne agus Roinn Airgeadais na Fionlainne comh-óstáil uirthi (Heilsincí).
- *Comhairle COMPET mhí na Samhna:* Conclúidí maidir le straitéis bhithgheilleagair nuashonraithe an Aontais Eorpaigh.
- *Comhairle ECOFIN mhí na Samhna:* conclúidí maidir leis an maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide do COP25. *Comhairle Eorpach mhí na Nollag:* treoir a thabhairt maidir le straitéis fhadtéarmach an Aontais Eorpaigh toisc go gcuirfidh an tAontas Eorpach, i gcomhréir le Comhaontú Pháras, an straitéis fhadtéarmach atá aige chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi bhráid Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) faoi 2020.
- *An Chomhairle go luath* in 2020: straitéis fhadtéarmach an Aontais Eorpaigh a ghlacadh, straitéis a mholfaidh an Coimisiún go luath in 2020 ar bhonn treorach ón gComhairle Eorpach.
- *Comhairle ENVI mhí na Nollag:* conclúidí maidir le creat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020.

**Talmhaíocht inbhuanaithe**

- *Comhairle AGRIFISH mhí Iúil - mhí na Nollag:* talmhaíocht inbhuanaithe agus an pacáiste um athchóiriú CBT tar éis 2020.
- *Comhairle AGRIFISH mhí Iúil:* na gnéithe a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide ó thaobh CBT tar éis 2020 de.
- *Cruinniú neamhfhoirmiúil mhí Mheán Fómhair de na hairí talmhaíochta:* an poitéinseal a bhaineann le ceapadh carbóin i réimse na talmhaíochta *agus* na foraoiseachta.

**An bhithéagsúlacht**

- *Comhairle ENVI mhí na Nollag: conclúidí maidir le creat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020.*

**An tAontas Fuinnimh**

- *Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh mhí Mheán Fómhair:* teachtaireacht maidir leis na dréachtphleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide dar teideal "Aontaithe chun an t-aontas fuinnimh a bhaint amach agus gníomhú ar son na haeráide".

**Saincheisteanna sóisialta**

- *Comhairlí EPSCO mhí Iúil, mhí Dheireadh Fómhair agus mhí na Nollag:* geilleagar na dea-bhaile (mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair) agus na gnéithe a bhaineann leis an tsláinte ó thaobh gheilleagar na dea-bhaile de (mí na Nollag), forbairtí idirnáisiúnta i mbeartais fostaíochta agus beartais shóisialta (mí Iúil), (b'fhéidir) *cinnteoireacht* níos éifeachtúla i réimse an bheartais shóisialta (mí Dheireadh Fómhair), todhchaí na hoibre agus dlí saothair an Aontais Eorpaigh, agus conclúidí maidir le comhtháthú daoine a bhfuil deacrachtaí acu post a fháil i margadh an tsaothair (mí na Nollag), athbhreithniú rialta ar na hábhair a bhaineann le gnóthaí sóisialta agus fostaíochta faoi mhír sheasta an tSeimeastair Eorpaigh, agus conclúidí féideartha maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a fheabhsú san Aontas Eorpach (mí na Nollag).
- *16 Deireadh Fómhair:* cruinniú mullaigh sóisialta *tríthaobhach*, tabharfar tuairisc ina thaobh do Chomhairle EPSCO ar an 24 Deireadh Fómhair.

**An comhionannas**

- *23-24 Meán Fómhair:* Comhdháil *Uachtaránachta* (an Bhruiséil) dar teideal "Comhionannas LGBTI a chur chun cinn san Aontas Eorpach".
- *Comhairle EPSCO mhí Dheireadh Fómhair:* díospóireacht *bheartais* maidir le "Conair straitéiseacha chun *bearta* i gcoinne an idirdhealaithe a neartú".
- *Comhairle EPSCO mhí na Nollag:* díospóireacht dar teideal "An comhionannas inscne agus an príomhshruthú inscne san Aontas Eorpach amach anseo", agus conclúidí maidir leis an gcomhionannas inscne tar éis 2020 ("Béising +25").

**<u>TOSAÍOCHT 4: LEASANNA AGUS LUACHANNA NA hEORPA A CHUR CHUN CINN OS COMHAIR AN DOMHAIN MHÓIR</u>**

*Leis an gClár Oibre Straitéiseach, iarrtar go mbeidh an tAontas Eorpach níos teanntásaí agus níos éifeachtaí ó thaobh a leasanna agus a luachanna a chosaint, níos aontaithe agus seasamh á ghlacadh againn, agus níos diongbháilte agus níos éifeachtaí agus sinn ag féachaint le dul i bhfeidhm ar an domhan mór. Iarrtar leis an gClár Oibre Straitéiseach freisin go mbeidh Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) an Aontais agus an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) níos freagrúla agus níos gníomhaí agus nasctha níos fearr le snáitheanna eile an chaidrimh sheachtraigh. Ina theannta sin, léirítear leis gur gá don Aontas Eorpach tuilleadh freagrachta a ghlacadh as a shlándáil agus a chosaint féin.*

*Áirítear ar na cuspóirí beartais faoin teideal seo tacú* ***leis an iltaobhachas agus leis an ord idirnáisiúnta domhanda atá bunaithe ar rialacha****;* ***an daonlathas****,* ***cearta an duine****,* ***an fhorbairt inbhuanaithe****, agus* ***cur chun feidhme Chlár Oibre 2030*** *a chur chun cinn, tacú leis an bpeirspictíocht Eorpach atá ag stáit eile de chuid na hEorpa atá in inmhe teacht isteach san Aontas agus atá toilteanach sin a dhéanamh;* ***beartas comharsanachta*** *uaillmhianach a shaothrú mar aon le* ***beartas trádála*** *atá uaillmhianach stóinseach;* ***comhpháirtíocht*** *chuimsitheach a fhorbairt* ***leis an Afraic*** *agus, ina theannta sin, deimhin a dhéanamh de go mbeidh* ***CBES agus CBSC*** *níos freagrúla agus níos gníomhaí amach anseo. Tabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin i bhfoirmíochtaí éagsúla den Chomhairle:*

**Méadú**

- *Comhairle Gnóthaí Ginearálta mhí Dheireadh Fómhair: malartú* tuairimí agus conclúidí a ghlacadh maidir leis seo a leanas: "Méadú agus an Próiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais don Albáin agus do Phoblacht na Macadóine Thuaidh".

**Trádáil**

- *Comhairle Gnóthaí Eachtracha mhí na Samhna (Trádáil):* caidreamh trádála, lena n-áirítear caidreamh trádála faoi scáth na hEagraíochta Domhanda Trádála chomh maith le caidreamh trádála déthaobhaí agus réigiúnaí, comhaontuithe saorthrádála a chur chun feidhme, agus caidreamh trádála idir an tAontas Eorpach agus na Stáit Aontaithe agus idir an tAontas Eorpach agus an tSín.

**Forbairt**

- *Comhairle ECOFIN mhí Dheireadh Fómhair:* an tuarascáil ón ngrúpa ardleibhéil saoithe ar an ollstruchtúr airgeadais Eorpach don fhorbairt a chur i láthair agus malartú tuairimí.

**Comhpháirtíocht chuimsitheach leis an Afraic**

- *Comhairle Gnóthaí Eachtracha mhí na Samhna (Forbairt):* plé ar chomhaontú nua iar-Cotonou.
- *Comhairle Gnóthaí Eachtracha mhí na Nollag:* plé ar an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an tAontas Afracach.

**CBES agus CBSC**

*Comhairle Gnóthaí* Eachtracha *mhí na Samhna (Cosaint):* malartú tuairimí maidir leis an tslándáil agus leis an gcosaint, maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, agus maidir le misin agus oibríochtaí CBSC.

---